Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 17 Aibreán 2026**
**(OR. en)**

**7859/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0411(NLE)**

**ECOFIN 397**
**UEM 121**
**FIN 492**
***EIB***
***ECB***

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Téarnamh eacnamaíoch san Eoraip; Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta don tSlóivéin<br>- Glacadh |

1. An 28 Iúil 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh Cur Chun Feidhme lena bhformheastar an measúnú dearfach ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine i gcomhréir le hAirteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241, mar a leagtar amach in 10612/21 + ADD 1 é. Leasaigh an Chomhairle an Cinneadh Cur Chun Feidhme thuasluaite an 17 Deireadh Fómhair 2023, an 10 Nollaig 2024, an 20 Meitheamh 2025 agus an 12 Nollaig 2025.

2. An 13 Márta 2026, rinne an tSlóivéin iarraidh réasúnaithe ar an gCoimisiún togra a dhéanamh le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 a leasú i gcomhréir le hAirteagal 21(1) de Rialachán (AE) 2021/241, ós rud é nach féidir an plean téarnaimh agus athléimneachta a bhaint amach ina iomláine a thuilleadh de bharr imthosca oibiachtúla. Ar an mbonn sin, tá plean leasaithe curtha isteach ag an tSlóivéin.

3. Rinne an Coimisiún measúnú dearfach ar an bplean leasaithe i gcomparáid leis na critéir mheasúnaithe a leagtar síos in Airteagal 19(3) de Rialachán (AE) 2021/241. I gcomhréir le hAirteagal 20(2) den Rialachán sin agus le hIarscríbhinn V a ghabhann leis, ba cheart na hathchóirithe agus na tionscadail infheistíochta is gá chun an plean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a chur chun feidhme, na garspriocanna, na spriocanna agus na táscairí ábhartha, agus an méid a chuirtear ar fáil ón Aontas le haghaidh chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta leasaithe a leagan amach.

4. I bhfianaise an mhéid sin, ag gníomhú dó ar bhonn Airteagal 20(1) de Rialachán (AE) 2021/241, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle an 27 Márta 2026 togra le haghaidh Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, mar a leagtar amach in 7808/26 agus 7808/26 ADD 1-2 é.

5. Scrúdaigh Meitheal na gComhairleoirí Airgeadais an togra an 14 Aibreán 2026 agus tháinig sí ar chomhaontú maidir leis an téacs, faoi réir athbhreithniú dlí agus teanga.

6. Déantar téacs an Chinnidh Cur Chun Feidhme ón gComhairle, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air, a leagan amach in 7812/26 agus 7812 ADD 1.

7. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

- a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis na téacsanna seo a leanas, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch orthu:

  (a) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear
  Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir le formheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, mar a leagtar amach in 7812/26 é, agus

  (b) an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme an 28 Iúil 2021 maidir leformheas an mheasúnaithe ar phlean téarnaimh agus athléimneachta na Slóivéine, mar a leagtar amach in 7812/26 ADD 1 é, agus

- a mholadh don Chomhairle an Cinneadh thuasluaite, mar aon leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis, a ghlacadh mar 'mír-A' ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo.